# ACHOIMRE AR BHUISÉAD 2022

Seo iad na príomhbhearta cánach atá sa Ráiteas Buiséid dar dáta an 12 Deireadh Fómhair 2021, arna dhéanamh ag an Aire Airgeadais.

## Cáin Ioncaim

**Creidmheasanna Cánach**
Luaitear na hathruithe i **gcló trom.**

| Creidmheas Cánach | €2021 | €2022 |
|---|---|---|
| Duine Singil | 1,650 | **1,700** |
| Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta | 3,300 | **3,400** |
| Creidmheas Cánach d'Fhostaithe | 1,650 | **1,700** |
| Uaschreidmheas Cánach i leith Ioncam Tuillte | 1,650 | **1,700** |
| Baintreach (Fir nó Mná) nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach (gan leanbh cáilitheach) | 2,190 | **2,240** |
| Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil | 1,650 | 1,650 |
| Uaschreidmheas Cánach i leith Leanbh Éagumasaithe | 3,300 | 3,300 |
| **Creidmheas Cánach na nDall** | | |
| Duine singil | 1,650 | 1,650 |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta: | | |
| • Céile nó páirtnéir sibhialta amháin dall | 1,650 | 1,650 |
| • An bheirt céile nó pháirtnéirí sibhialta dall | 3,300 | 3,300 |
| **Tuismitheoir i mBaintreachas** | | |
| • Faoi mhéala in 2021 | - | 3,600 |
| • Faoi mhéala in 2020 | 3,600 | 3,150 |
| • Faoi mhéala in 2019 | 3,150 | 2,700 |
| • Faoi mhéala in 2018 | 2,700 | 2,250 |
| • Faoi mhéala in 2017 | 2,250 | - |
| • Faoi mhéala in 2016 | | |
| **Creidmheas Cánach Aoise** | | |
| • Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach | 245 | 245 |
| • Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta | 490 | 490 |
| Gaol Cleithiúnach | 245 | 245 |
| Creidmheas Cánach Cúramóra Baile | 1,600 | 1,600 |

**Creidmheas Cánach do Phearsanra Muirghabhála Cabhlaigh**
Tá síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2022 curtha leis an gCreidmheas Cánach €1,500 do Phearsanra Muirghabhála Cabhlaigh.

**Rátaí Cánach agus Bandaí Cánach**
Luaitear na hathruithe i **gcló trom.**

| Cúinsí Pearsanta | €2021 | €2022 |
|---|---|---|
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, gan leanbh cáilitheach | 35,300 @ 20%<br>Iarmhéid @ 40% | **36,800 @ 20%**<br>Iarmhéid @ 40% |
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, incháilithe le haghaidh creidmheas cánach cúramóra linbh do dhuine singil | 39,300 @ 20%<br>Iarmhéid @ 40% | **40,800 @ 20%**<br>Iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht, ioncam ag céile nó páirtnéir sibhialta amháin | 44,300 @ 20%<br>Iarmhéid @ 40% | **45,800 @ 20%**<br>Iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht, ioncam ag an mbeirt céile nó páirtnéirí sibhialta | 44,300 @ 20%<br>le huasmhéadú 26,300<br>Iarmhéid @ 40% | **45,800 @ 20%**<br>**le huasmhéadú 27,800**<br>Iarmhéid @ 40% |

**Teorainneacha díolúine**
Níor athraíodh na teorainneacha díolúine do dhaoine 65 bliain d'aois nó níos sine.

| Cúinsí Pearsanta | €2020 | €2021 |
|---|---|---|
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, 65 bliain d'aois nó níos sine | 18,000 | 18,000 |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, 65 bliain d'aois nó níos sine | 36,000 | 36,000 |

Méadaítear na teorainneacha díolúine seo €575 do gach duine de na chéad bheirt leanaí cleithiúnacha agus €830 don tríú leanbh agus gach leanbh eile dá éis sin.

**Asbhaint i ndáil le speansais áirithe a bhaineann le cianobair**
Ó 2022 ar aghaidh, cuirfear leis na socruithe reatha cánach i leith obair ón mbaile agus cuirfear ar bhonn foirmiúil iad. Féadfaidh cianoibrithe asbhaint Cánach Ioncaim suas le 30% de chostas na speansas dearbhaithe do leictreachas, téamh agus seirbhísí idirlín do na laethanta sin a chaitear ag obair ón mbaile. Le córas ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim, beidh daoine in ann faoiseamh cánach a éileamh i bhfíor-am i rith na bliana.

**Cánachas a bhaineann le criúnna eitiltí idirnáisiúnta**
Faoi láthair, tá gach duine a fhostaítear ar bord aerárthaigh a fheidhmíonn i dtrácht idirnáisiúnta faoi réir Cánach Ioncaim faoi Sceideal E sa chás go bhfuil an t-aerárthach á oibriú ag fiontar a bhainistítear sa Stát. Leis an Acht Airgeadais, leasófar an suíomh seo le go gcuirfí as an áireamh criúnna neamhchónaitheacha eitiltí, faoi réir coinníollacha áirithe.

**Ioncam áirithe ó leictreachas micreaghinte**
Is éard is micreaghiniúint leictreachais ann ná táirgeadh leictreachais ar an mionscála ag tomhaltóirí a ghineann leictreachas ina n-áit chónaithe féin lena thomhailt acu féin agus a dhíolann an farasbarr leictreachais a tháirgtear.

Tá díolúine suas le €200 ar fáil do dhaoine aonair a thuileann ioncam ó mhicreaghiniúint leictreachais ag baint úsáid as foinsí in-athnuaite, inbhuanaithe nó ailtéarnacha ag a n-áit chónaithe.

**Agra-Chánachas**
Tá síneadh ama trí bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2024 á chur leis an bhfaoiseamh 25% i leith stoc ginearálta d'fheirmeoirí.

Tá síneadh ama bliana á chur leis na faoisimh stoic fheabhsaithe. San áireamh leo seo tá:

- Faoiseamh stoic 50% do chomhaltaí de Chomhpháirtíochtaí Feirme Cláraithe
- Faoiseamh stoic 100% d'Fheirmeoirí Óga Oilte áirithe.

**Speansais réamh-ligin ar áitribh fholmha chónaithe**
Tá síneadh ama trí bliana curtha leis an asbhaint i leith speansais réamh-ligin a bhaineann le hioncam agus a thabhaítear ar mhaoin a bhí folamh ar feadh tréimhse 12 mhí nó níos mó. Ní mór gur sa tréimhse 12 mhí sular ligeadh an t-áitreabh mar áitreabh cónaithe ar cíos a tabhaíodh an caiteachas.

Beidh uasteorainn €5,000 ar speansais incheadaithe in aghaidh na maoine i bhfeidhm, agus beidh an faoiseamh faoi réir aisghlámadh má tharraingítear an mhaoin siar ón margadh cíos taobh istigh de cheithre bliana. Beidh an faoiseamh ar fail le haghaidh speansais cháilitheacha a thabhaítear suas le deireadh 2024.

**Cabhair le Ceannach (CLC)**
In 2020, faoi Phacáiste Mhí Iúil do Spreagthaí Post, tugadh isteach faoiseamh feabhsaithe sealadach CLC ón 23 Iúil 2020. Faoin scéim fheabhsaithe, tá faoiseamh méadaithe Cánach Ioncaim ar fáil, arb ionann é agus an ceann is lú díobh seo a leanas:

- €30,000 (suas ó €20,000)

  nó
- 10% (suas ó 5%) de praghas ceannaigh na háite cónaithe nua, nó luach críochnaithe na maoine i gcás féin-tógála

  nó
- an tsuim Cánach Ioncaim agus CCÚT a íocadh thar na ceithre bliana roimh an iarratas a dhéanamh.Tá síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2022 curtha leis an bhfaoiseamh feabhsaithe seo.

**Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF)**
Faoin SFPF, cuirtear fóirdheontas pá ar fáil d'fhostóirí incháilithe i ndáil le fostaithe cáilitheacha. Beidh an SFPF dúnta do chlárúcháin nua ó fhostóirí ón 1 Eanáir 2022 agus tiocfaidh deireadh leis ar an 30 Aibreán 2022.

Leanfar leis an riachtanas incháilitheachta don scéim go mbeadh laghdú 30% i láimhdeachas/orduithe custaiméara sa bhliain iomlán 2021 i gcomparáid leis an mbliain iomlán 2019. I gcás gnólachtaí a cháilíonn le dul isteach sa scéim amhail an lá deiridh de Nollaig 2021, féadfaidh siad leanúint de leas a bhaint as an SFPF go dtí an 30 Aibreán 2022.

Beidh na rátaí seo a leanas i bhfeidhm:

| **Pá seachtainiúil** | **Ráta ón 20 Deireadh Fómhair 2020 – 30 Samhain 2021** | **Ráta ón 01 Nollaig 2021 – 28 Feabhra 2022** | **Ráta ón 01 Márta 2022 – 30 Aibreán 2022** |
|---|---|---|---|
| Níos lú ná €151.50 | Nialas | Nialas | Nialas |
| €151.50 – €202.99 | €203 | €151.50 | €100 |
| €203 – €299.99 | €250 | €203 | €100 |
| €300 – €399.99 | €300 | €203 | €100 |
| €400 – €1,462 | €350 | €203 | €100 |
| Os cionn €1,462 | Nialas | Nialas | Nialas |

Tabharfar isteach gnáthrátaí ÁSPC fostóra arís ón 1 Márta 2022.

## Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)

**Rátaí Caighdeánacha MSU**
Tá athruithe do na tairseacha MSU ach níl aon athruithe do na rátaí MSU.

| **Tairseacha MSU** | | | |
|---|---|---|---|
| **2021** | **Ráta** | **2022** | **Ráta** |
| Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% | Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% |
| Ioncam ó €12,012.01 suas go dtí €20,687.00 | 2.0% | Ioncam ó €12,012.01 suas go dtí **€21,295.00** | 2.0% |
| Ioncam ó €20,687.01 | 4.5% | Ioncam ó **€21,295.01** | 4.5% |

| | | | |
|---|---|---|---|
| suas go dtí €70,044.00 | | suas go dtí €70,044.00 | |
| Ioncam os cionn €70,044.00 | 8.0% | Ioncam os cionn €70,044.00 | 8.0% |

**Rátaí Laghdaithe MSU**
Cuirfear siar go ceann bliana eile an ráta laghdaithe reatha MSU do shealbhóirí cárta leighis incháilithe agus leanfar leis le haghaidh 2022.

| **Tairseacha MSU** | | | |
|---|---|---|---|
| Daoine aonair os cionn 70 bliain d'aois arb ionann a n-ioncam comhiomlán don bhliain agus €60,000 nó níos lú.<br><br>Daoine aonair faoi 70 bliain d'aois a bhfuil cárta sláinte iomlán acu arb ionann a n-ioncam comhiomlán don bhliain agus €60,000 nó níos lú. | | | |
| **2021** | **Ráta** | **2022** | **Ráta** |
| Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% | Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% |
| Ioncam os cionn €12,012.00 | 2.0% | Ioncam os cionn €12,012.00 | 2.0% |

Nóta 1. Ní áirítear in ioncam 'comhiomlán' chun críocha MSU aon íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS).

Nóta 2. Ní mheastar cárta 'Dochtúir Ginearálta amháin' a bheith ina chárta sláinte iomlán chun críocha MSU.

## Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe (CTCC)

Tiocfaidh an CTCC in áit an tobhaigh ar láithreáin fholmha agus dearadh é le go spreagfar gníomhachtú ar thalamh forbraíochta cónaithe arna chriosú agus arna sheirbhísiú le haghaidh tithíochta. Beidh ráta 3% sa bhliain de luach margaidh an láithreáin chuí á oibriú ar bhonn féinmheasúnaithe. Beidh an cháin i bhfeidhm ar thalamh arna chriosú agus arna sheirbhísiú atá oiriúnach le haghaidh forbraíocht tithíochta cónaithe. Ullmhóidh na hÚdaráis Áitiúla léarscáileanna ar a sainaithneofar láithreáin chuí le haghaidh an CTCC.

Tiocfaidh an cháin seo i bhfeidhm in 2024.

## Cáin Chorparáide (CC)

**Liúntais luathaithe chaipitiúla le haghaidh feithiclí gáis agus trealamh athbhreoslaithe**
Tá síneadh ama trí bliana go dtí an 31 Nollaig 2024 á chur leis an scéim liúntas luathaithe caipitiúil d'fheithiclí gáis agus trealamh athbhreoslaithe. Tá an scéim á leathnú amach chomh maith le go gcuirfí san áireamh feithiclí arna mbreoslú ag hidrigin agus trealamh athbhreoslaithe a bhaineann leis.

**Liúntais luathaithe chaipitiúla le haghaidh trealamh tíosach ar fhuinneamh**
Tá an scéim liúntas luathaithe caipitiúil le haghaidh trealamh tíosach ar fhuinneamh á leasú go gcuirfí as an áireamh caiteachas caipitiúil a thabhaítear ar threalamh a fheidhmíonn le breoslaí iontaise.

**Creidmheas Cánach Corparáide le haghaidh Cluichí Digiteacha**
Faoi réir ceadú ón AE i leith Cúnamh Stáit, beidh an beart seo ina dhreasacht d'fhorbróirí cluichí digiteacha. Beidh creidmheas, arb ionann é agus 32% de chaiteachas incháilithe, ar fáil ar bhonn tionscadail aonair a chomhlíonann coinníollacha áirithe. Beidh uasteorainn ar chaiteachas incháilithe, is é sin an ceann is lú de €25 milliún nó 80% d'iomlán an chaiteachais cháilithigh do gach tionscadal. Tá caiteachas íosta €100,000 i bhfeidhm i leith gach tionscadal. Beidh na sonraí agus na coinníollacha uile á leagadh amach sa Bhille Airgeadais.

**Leasú don fhaoiseamh canach i leith comhlachtaí nua-thionscanta (faoiseamh cánach faoi Alt 486C)**
Faoin mbeart seo, foráiltear d'fhaoiseamh ó Cháin Chorparáide ar ioncam trádála (agus gnóthachain chaipitiúla áirithe) do ghnólachtaí nua-thionscanta sa chéad trí bliana de thrádáil.

Bhí an faoiseamh seo dlite le dul in éag ag deireadh 2021. Tá síneadh ama á chur leis anois do chomhlachtaí a thosaíonn trádáil cháilitheach sna chéad cúig bliana eile. Tá síneadh ama, ó thrí bliana go cúig bliana, á chur leis an tréimhse a bhféadtar an faoiseamh a éileamh ina leith.

**Treoir in aghaidh Seachaint Cánach (TSC) – teorannú úis**
Mar chuid de ghealltanas na hÉireann chun TSC a fheidhmiú, forálfar sa Bhille Airgeadais do rialacha nua i leith teorannú úis. Tá sé beartaithe go gcuirfidh na rialacha seo teorainn ar chreimeadh an bhoinn trí asbhaintí iomarcacha úis a úsáid. Tiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm do thréimhsí cuntasaíochta comhlachtaí dar tús an 1 Eanáir 2022 nó dá éis.

**Riail Frith-Hibrideach Aisiompaithe**
Le go gcuirfí i gcrích trasuíomh Treoir 2 in aghaidh Seachaint Cánach (TSC2), beidh an riail frith-hibrideach aisiompaithe i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022. Tabharfaidh sé seo aghaidh ar mhíréireanna cánach a thagann aníos i gcúinsí áirithe ina mbíonn eintiteas ina eintiteas hibrideach aisiompaithe.

**Faoiseamh i leith Infheistíochta i dTrádálacha Corpraithe (FITC)**
Leasófar an Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta (DFI) ionas go bhféadfaidh infheistíochtaí a dhéanann daoine i gcomhlachtaí trí Chomhpháirtíochtaí Teoranta agus Comhpháirtíochtaí Infheistíochta Teoranta cáiliú le haghaidh an fhaoisimh.

Cuirfear síneadh ama trí bliana eile leis an bhfaoiseamh, go dtí an 31 Nollaig 2024.

Leagfar amach sa Bhille Airgeadais tuilleadh athruithe d'fhaoisimh FITC.

## Dleacht Stampa

**Tobhach bainc**
Tá an tobhach á leathnú ar feadh bliana breise go 2022. Cosúil le 2021, ríomhfar é trí thagairt a dhéanamh do thaiscí a bhí i seilbh na mbanc in 2019. Mar sin féin, le haghaidh 2022, ní bheidh feidhm aige maidir le taiscí atá i seilbh KBC Bank Ireland plc agus DAC Bhanc Uladh Éireann in 2019.

**Faoiseamh d'Fheirmeoirí Óga Oilte**
Tá síneadh ama bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2022 á chur leis an bhfaoiseamh i leith Dleacht Stampa atá ar fáil le haghaidh feirmeoirí óga oilte.

## Cáin Bhreisluacha (CBL)

**Ráta CBL na hearnála fáilteachais**
Beidh an ráta laghdaithe CBL 9% le haghaidh na hearnála fáilteachais fós i bhfeidhm go dtí deireadh Lúnasa 2022.

**Breis Cothromráta d'Fheirmeoirí**
Tá an cothromráta seo á laghdú ó 5.6% go 5.5% ón 1 Eanáir 2022.

## Mál

**Cáin ar Tháirgí Tobac (CTT)**
Tá na rátaí CTT á méadú le héifeacht ón 13 Deireadh Fómhair 2021. Is éard atá sa mhéadú ná 50 cent, CBL san áireamh, ar phaicéad 20 toitín, agus méaduithe pro rata ar tháirgí eile tobac.

## Cánacha Carbóin ar Tháirgí Fuinnimh

**Rátaí Cánach Ola Mianra (COM)**
Beidh méaduithe sna rátaí COM i bhfeidhm ón 13 Deireadh Fómhair 2021 i leith an mhéid seo:

- peitreal (ag méadú go dtí €636.71 an 1,000 lítear)
- mótardhíosal (ag méadú go dtí €535.46 an 1,000 lítear)
- gásailín eitlíochta (ag méadú go dtí €636.71 an 1,000 lítear)
- ola throm a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht aeir agus loingseoireacht phríobháideach phléisiúir (ag méadú go dtí €535.46 an 1,000 lítear).

Fanfaidh na rátaí eile COM mar an gcéanna go dtí an 1 Bealtaine 2022 tráth a thiocfaidh na rátaí nua i bhfeidhm le haghaidh an mhéid seo:

- ceirisín neamh-thiomántáin (ag méadú go dtí €103.83 an 1,000 lítear)
- ola bhreosla (ag méadú go dtí €141.12 an 1,000 lítear)ola eile throm lena n-áirítear MGO (ag méadú
  go dtí €158.50 an 1,000 lítear)
- gás peitriliam leachtaithe tiomántáin (ag méadú go dtí €130.52 an 1,000 lítear)
- gás peitriliam leachtaithe neamh-thiomántáin (ag méadú go dtí €66.93 an 1,000 lítear).

**Ráta na Cánach Carbóin ar Ghás Nádúrtha (CCGN)**
Is é an ráta nua CCGN ná €7.41 in aghaidh na huaire meigeavata ag luach calrach comhlán agus beidh sé i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2022.

**Rátaí Cánach Carbóin ar Bhreosla Soladach (CCBS)**
Beidh na méaduithe sa ráta CCBS i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2022 i leith an mhéid seo:

- gual (ag méadú go dtí €107.98 an tona)
- bricíní móna (ag méadú go dtí €75.17 an tona)
- móin mheilte (ag méadú go dtí €37.25 an tona)
- móin eile (ag méadú go dtí €55.87 an tona).

## Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF)

**Rátaí CCF d'fheithiclí Chatagóir A**
Ón 1 Eanáir 2021, ríomhtar an CCF ar fheithiclí Chatagóir A (carranna paisinéirí, lena n-áirítear SUVanna) bunaithe ar na hastuithe $CO_2$ a tháirgtear, faoi chóras tomhais an Nóis Imeachta Tástála Comhchuibhithe Domhanda d'Fheithiclí Éadroma (WLTP).

Fágfar na rátaí CCF gan athrú in 2022 le haghaidh bandaí astuithe ísle (1 go 8). Beidh méadú sna rátaí do na bandaí meánacha agus arda, le héifeacht ón 1 Eanáir 2022:

- méadófar bandaí 9 go 12 faoi 1%
- méadófar bandaí 13 go 15 faoi 2%
- méadófar bandaí 16 go 20 faoi 4%.

Léirítear na hathruithe do na rátaí d'fheithiclí Chatagóir A i **gcló trom** ar an tábla.

| Banda | AstaíochtaíCO2 (CO2 g/km) | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| **1** | 0g/km go 50g/km | 7% | 7% |
| **2** | > 50g/km go 80g/km | 9% | 9% |
| **3** | > 80g/km go 85g/km | 9.75% | 9.75% |
| **4** | > 85g/km go 90g/km | 10.5% | 10.5% |
| **5** | > 90g/km go 95g/km | 11.25% | 11.25% |
| **6** | > 95g/km go 100g/km | 12% | 12% |
| **7** | > 100g/km go 105g/km | 12.75% | 12.75% |
| **8** | > 105g/km go 110g/km | 13.5% | 13.5% |
| **9** | > 110g/km go 115g/km | 14.25% | **15.25** |
| **10** | > 115g/km go 120g/km | 15% | **16%** |
| **11** | > 120g/km go 125g/km | 15.75% | **16.75** |
| **12** | > 125g/km go 130g/km | 16.5% | **17.5%** |
| **13** | > 130g/km go 135g/km | 17.25% | **19.25** |
| **14** | > 135g/km go 140g/km | 18% | **20%** |
| **15** | > 140g/km go 145g/km | 19.5% | **21.5%** |
| **16** | > 145g/km go 150g/km | 21% | **25%** |
| **17** | > 150g/km go 155g/km | 23.5% | **27.5%** |
| **18** | > 155g/km go 170g/km | 26% | **30%** |
| **19** | > 170g/km go 190g/km | 31% | **35%** |
| **20** | > 190g/km | 37% | **41%** |

**Tobhach Ocsaíde Nítrigine ($NO_x$)**

Níl aon athrú don ráta tobhaigh Nox a ghearrtar ar gach feithicil i gcatagóir A den CCF (carranna paisinéirí, SUVanna san áireamh).

**Faoiseamh i leith Feithiclí Leictreacha**

Tá síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2023 á chur le loghadh nó íocaíochtaí i ndáil le CCF d'fheithiclí leictreacha, gluaisrothair leictreacha san áireamh.

**Séanadh Dlíthiúil**

Tá sé i gceist go dtabharfadh an bhileog seo cur síos ar an ábhar i dtéarmaí ginearálta. Mar sin, ní dhéantar iarracht inti gach ceist a chlúdach a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an ábhar. Níl sí ceaptha a bheith ina léirmhíniú dlíthiúil ar na forálacha reachtúla agus mar sin, ní fhéadtar glacadh le haon dliteanas a thabhaítear nó caillteanas a fhulaingítear mar thoradh ar bheith ag brath ar aon ábhar atá foilsithe istigh anseo.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

www.revenue.ie

Tugtha cothrom le dáta ar an 13 Deireadh Fómhair 2021